# Fómhar 25

Autumn Schedule



# Clár

**Áine Lally**
Bainisteoir Cumarsáide /
Communications Manager
aine.lally@tg4.ie

**Linda Ní Ghríofa**
Eagraí Cumarsáide /
Communications Editor
linda.ni.ghriofa@tg4.ie
+353 (87) 917 2864

Cláracha Faisnéise / Documentaries . . . . . . . . . . . 1
Saolchláracha / Lifestyle . . . . . . . . . . . . . . . 10
Siamsaíocht / Entertainment . . . . . . . . . . . . . 16
Drámaíocht / Drama . . . . . . . . . . . . . . . . . 22
Drámaíocht Idirnáisiúnta / International Drama . . . . . 27
Ceol / Music . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 33
Cláracha Faisnéise Spóirt / Sports Documentaries . . . . . 39
Spórt / Sport . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 44
Nuacht & Cúrsaí Reatha / News & Current Affairs . . . . . 48

# Cláracha Faisnéise

Documentaries



# Néara-Éagsúlacht: Dearcadh Difriúil

Sraith nua dhá chlár ina bhfiosraítear an néara-éagsúlacht in Éirinn. Tugtar léargas ionraic, daonna sa tsraith thochtmhar seo ar scéalta nach dtugtar cluas go minic dóibh.

A new two-part series exploring neurodivergence in Ireland. This powerful and emotional series offers an honest, human insight into a wide range of stories rarely heard.







# Oileán Glas, Fásach Bán

**Tugann an nádúraí Eoin Warner faoi aistear bliana sa mBoirinn. Siúlfaidh sé na cnocáin ghortacha agus é sa tóir ar chuid de na hainmhithe is seachantaí in Éirinn.**

Naturalist Eoin Warner goes on a year-long journey through the Burren, exploring its stony hills on foot to uncover a host of hidden wild worlds inhabited by some of Ireland’s most elusive animals.



# Ceartas Crua - Mná v An Dlí

**Clár faisnéise dhá chuid é Ceartas Crua - Mná v An Dlí ina mbreathnaítear ar an gcóras breithiúnach in Éirinn ó bunaíodh an Stát agus an tionchar a bhí ag an gcóras sin ar mhná na tíre.**

Ceartas Crua - Mná v An Dlí is a two-part documentary series that examines the real impact of 100 years of the Irish State on the country's women through the prism of the judicial system.



# Dath an Fhómhair

**Clár faisnéise nua ina ndéantar ceiliúradh ar an mbeocht agus an teacht aniar a bhíonn i ndaoine aosta. Beidh an clár le feiceáil ar TG4 san fhómhar. Tugtar léargas ar nádúr an duine sa gclár físiúil seo.**

Dath an Fhómhair, a stirring new documentary, that celebrates the vibrancy and resilience of older people, is due to air on TG4 this autumn. This deeply human and visually rich film offers an intimate look at some extraordinary individuals.



# David Keenan
# Focla ar Chanbhás

**Ceithre bliana i ndiaidh do David Keenan a albam Beginner's Guide to Bravery a chur amach filleann sé ar an stiúideo chun ceol nua a thaifeadadh. Feicfear David ag cumadh agus ag cruthú ceoil thar thréimhse 500 lá sa gclár seo.**

Four years after the successful launch of his debut album Beginner's Guide to Bravery, David Keenan returns to the studio to record new music. We follow David's creative process over the course of 500 days.



# Ag Lorg Hy-Brasil

**Is é iontráil na hÉireann ag Bienniale Ailtireachta na Veinéise a spreag an clár faisnéise Ag Lorg Hy-Brasil agus beidh an dream a chruthaigh an taispeántas ag tabhairt léargas ar a gcuid oibre.**

Ag Lorg Hy-Brasil ruminates on an ancient, mythical island off the Connemara coast and asks why it inspired Ireland's exhibit at the Architecture Biennale in Venice.



# Beo Faoin bhFód

**In 1968, cuireadh Mick Meaney i gcónra adhmaid sé troithe faoin bhfód i Londain ach bhí sé fós beo. Is ag iarraidh curiarracht dhomhanda a bhaint amach a bhí sé.**

In 1968, Mick Meaney was buried six feet under the London soil in a simple wooden coffin. Hundreds came to see his burial, and toast Mick on his way. The thing was, Mick was not dead. He was competing in the world record competition for 'Longest Time Spent Buried Alive'.



# Síle Seoige: An Saol Mar Atá

**Sraith faisnéise trí chuid ina mbreathnaíonn Síle Seoige ar bhulaíocht, tuismitheoireacht agus ar eipidéim na himní chun réiteach a fháil ar na fadhbanna is mó i sochaí an lae inniu.**

In this three-part documentary series, much loved broadcaster Síle Seoige mixes empathy and journalistic curiosity to look at bullying, parenting, and the epidemic of anxiety.

# Saolchláracha

## Lifestyle



# Buildings Beo

**Is sraith ar leith é Buildings Beo ina ndírítear ar obair athchóirithe ar fhoirgnimh oidhreachta chomh maith leis na daoine agus na pobail a thugann beocht do na foirgnimh seo.**

Buildings Beo is a property show with a difference: it's not only about the renovation of heritage buildings all around the country, but also about the people and the communities who bring these buildings to life.






# Ó Mhuir go Tír

**Tugtar léargas ar na modhanna iompair a bhí agus atá in úsáid chun daoine a thabhairt isteach agus amach as na hoileáin atá ar chósta na hÉireann sa tsraith seo.**

This series gives viewers a unique insight into the modes of travel used to link the islands off Ireland to the mainland from the 1950s to the present day.



# Glacaim Leat

**Clár faisnéise machnamhach é Glacaim Leat a rinneadh deich mbliana i ndiaidh an Reifrinn ar Chomhionannas Pósta a reáchtáladh in Éirinn in 2015. Ba í Éire an chéad tír a cheadaigh pósadh comhghnéis trí reifreann poiblí.**

Glacaim Leat is a reflective documentary marking a decade since Ireland made history in 2015, when it became the first country to legalise same-sex marriage by public referendum.



# Glúin Z

**Tugtar guth do Ghlúin Z sa tsraith seo agus iad ag plé na gceisteanna is tábhachtaí dóibh. Pléifear cúrsaí reatha, mar a thugann siad aire dóibh féin, mar a chuireann siad iad féin in iúl chomh maith leis na dúshláin agus na deiseanna atá i ndán dóibh.**

This series gives a voice to Gen Z as they discuss the issues most important to them, from current affairs to the ways they take care of themselves, to how they express themselves.

# Aillte

**Tugtar spléachadh ar an ngeolaíocht, miotaseolaíocht, fiadhúlra agus scéalta a bhaineann le haillte Dhún na nGall, Mhaigh Eo agus an Chláir sa tsraith seo.**

Aillte explores the geology, mythology, wildlife, and human stories carved into the cliffs of Donegal, Mayo and Clare. With a blend of scientific insight, homespun wisdom, and poetic reflection Cormac Mac Fhionnlaoich brings the audience on a deeply personal voyage through time, tide and breathtaking heights.



# Siamsaíocht




Entertainment

# Ar Son na Cúise

**Tugann dlúthchairde Joe Ó Dónaill agus Ray Mac Mánais faoi chamchuairt shiamsúil agus iad sa tóir ar chomhluadar, greann agus craic. Feicfear an spórt a bhíonn ag Joe agus Ray le chéile fad a bhíonn siad ag iarraidh blaiseadh de ghreann na Gaeltachta a fháil.**

Lifelong friends Joe Ó Dónaill and Ray Mac Mánais set off on an entertaining road trip across the various Gaeltacht regions in search of fun, a good yarn and good craic. Their unique trip explores friendship, new experiences and the Gaeltacht humour that inspired them to take to the Oireachtas na Gaeilge stage.






# Téacs Taistil

**Tá Téacs Taistil ar ais agus is sraith spleodrach í an tsraith seo! Beidh Séaghan, Louise agus Proinsias ag taisteal ar fud an domhain i Sraith 4 agus beidh réalta Ros na Rún, Laura Ní Aoidhne ina dteannta do chorr chlár freisin.**

Buckle up - Téacs Taistil is back with its most action-packed season yet! Season 4 is taking audiences on a fast-paced, culture-rich adventure around the world. There's also a twist: joining Séaghan, Louise and Proinsias for several episodes is Ros na Rún star Laura Ní Aoidhne.




# Hector OZ/NZ

**Ní bhíonn fuacht ná faitíos ar Hector Ó hEochagáin agus é ag taisteal! Tugann sé aghaidh ar an Astráil agus an Nua-Shéalainn sa tsraith seo agus mar is gnáth fanann sé glan ar na ceantair turasóireachta chun fíorléargas a thabhairt ar na tíortha.**

Ireland's intrepid traveller Hector Ó hEochagáin dives Down Under for an epic adventure across Australia and New Zealand in his latest must-see travel series. In trademark style, Hector ventures beyond the typical tourist traps to tap into the heart of what makes both countries tick.






# Junior Eurovision 2025

**Tá an Junior Eurovision ar ais. Tá amhránaithe óga na tíre ag glacadh páirt sa Junior Eurovision anois le deich mbliana! Rachfar sa tóir ar iarrthóirí as chuile chearn den tír chun stéibh a chasadh do na moltóirí Niamh Ní Chróinín, Hugh Carr agus Tadhg Griffin.**

Junior Eurovision Éire is back and it's ten for ten as we not only celebrate ten years of Ireland on the Junior Eurovision stage but we also cast the net for this year's top ten! We'll be criss-crossing the country as we select ten contestants who will come to the studio to sing for our judges - Niamh Ní Chróinín, Hugh Carr and Tadhg Griffin.

TG4 Siamsaíocht / Entertainment

# Beo ón ‘Electric Picnic’

**Craoladh speisialta ó Electric Picnic le ceol beo ón gCoillchoill agus ón bPuball Gaeilge.**

A special broadcast from Electric Picnic with live music from acts on An Choillchoill and An Puball Gaeilge.



# Drámaíocht



## Drama

# Ros na Rún

**Is deacair an fhírinne a scagadh ó na bréaga agus is amhlaidh an cás sa 30ú sraith de Ros na Rún. Meas tú ar tháinig an coirpeach Risteard slán? Is cé a d'ionsaigh é?**

Lies, lies and more lies, suffice to say that the milestone 30th season of TG4's flagship drama series Ros na Rún returns with much more than a valley of secrets. Has the crime mogul Risteard survived? Who got to him?



TG4 Drámaíocht / Drama

# Babaí Brain

**Ní shásóidh tada Sarah go mbeidh páiste aici agus bíonn sí i gcruachás nuair a theipeann ar chóireáil IVF. Bíonn sí ite le huaigneas agus í ag iarraidh go mbeadh chuile shórt foirfe ag an am céanna is ní fada go dtagann siabhrán uirthi.**

Sarah's quest for motherhood becomes an obsession after a failed IVF treatment. Struggling with isolation and perfectionism, she makes increasingly desperate choices that blur the lines between aspiration and delusion.



# Aontas

**Socraíonn triúr gadaithe faoi stiúir mná atá ar tí cliseadh néarógach a bheith aici comhar creidmheasa faoin tuath a robáil. Cuirtear tús leis an scéal seo agus cúrsaí imithe in aimhréidh i ndiaidh na robála agus téitear siar san am go bhfeictear an méid a tharla roimhe sin.**

Three unlikely thieves, led by a woman on the verge of a breakdown, rob a rural Irish credit union. Opening in the tragic aftermath of the heist-gone-wrong, the story uses reverse chronology to unravel the events that led to this point.



# Báite

**Tagtar ar chorp i loch i ngar do bhaile beag in Éirinn agus is léir go bhfuil rún folaigh ag muintir an bhaile.**

Báite is a mystery: a story submerged with secrets. A body is found in the receding waters of a lake that neighbours a small Irish town.



# Drámaíocht Idirnáisiúnta

International Drama





# The Hunt

**Fuarthas corp cailín 16 bliain d'aois gar d'ionad do lucht iarrtha tearmainn san Ísiltír in 1999. Tá an tsraith seo bunaithe ar fhíorscéal a bhí go mór i mbéal an phobail san Ísiltír ar feadh deich mbliana.**


In 1999 the body of a 16-year-old girl was found next to an asylum seekers' centre in the Netherlands. Inspired by a true crime that gripped a whole nation for more than a decade, The Hunt depicts the long and frustrating search for the perpetrator.

# Deep Fake

**Tá an intleacht shaorga in ann físeáin bhréige a chruthú anois atá chomh réadúil le físeáin chearta. Cén chaoi ar féidir tada a fheictear ar líne a thrust níos mó?**

With troublingly realistic fake videos now being generated by AI, how do we tell truth from falsehood, reality from illusion?







# A Life's Worth

**Sraith dhrámaíochta sé chuid é A Life's Worth bunaithe ar scéal an chéad chathláin Shualannaigh de chuid na Náisiún Aontaithe a cuireadh chuig an Bhoisnia in 1993. Tá ceathrar saighdiúirí óga, Forss, Babic, Strand agus Kilpinen ar a gcéad seirbhís thar lear sna Balcáin.**

A Life's Worth - Six-part drama series inspired by the first Swedish UN battalion in Bosnia in 1993. Four young soldiers Forss, Babic, Strand and Kilpinen do their first overseas service in the intricate and bloody conflict in the Balkans.



# Dark City: The Cleaner

**I rith an lae is glantóir é Joe i stáisiún póilíní ach san oíche is dúnmharfóir srathach é ar a dtugtar an Christchurch Carver. Dúnmharaítear bean eile is tá na póilíní ag ceapadh gurb é an Carver is ciontaí ach tá a fhios ag Joe ar ndóigh nach ea agus socraíonn sé an dúnmharfóir eile seo a aimsiú.**

By day, Joe is a cleaner at the police station, where no one notices him. But by night he has another line of work - he's the serial killer known as the Christchurch Carver. When another woman is murdered in her own home, police suspect the Carver - but Joe knows it wasn't him.

# The Twelve

**Tarraingítear aird ar dhúnmharú bheirt dhéagóirí a tharla in 1968 nuair a mharaítear múinteoir scoile a bhí ag fiosrú an scéil. Cúisítear fear ach mionnaíonn agus móidíonn sé nach raibh aon bhaint aige leis. Cuirtear an saol trí chéile don choiste dháréag nuair a thosaíonn an triail.**

The 1968 murder of two teens returns to the spotlight when English teacher Amanda Taylor is killed while researching the case. Alan, husband of a friend of barrister Brett Colby, is charged but swears he's innocent. As the trial begins, twelve jurors find their lives altered.



# Ceol

## Music



# Ceol ón gCré

**Sraith ceoil thraidisiúnta a dhéanann ceiliúradh ar na nósanna agus na traidisiúin a fhaightear faoin tuath in Éirinn. Beidh an t-amhránaí Nell Ní Chróinín ag caitheamh súil ar chúrsaí ceoil agus cultúir faoin tuath in Éirinn in 2024.**

This new traditional music series is a celebration of the customs and traditions from rural Ireland. Hosted by whistle player and singer Nell Ní Chróinín.





# Casadh sa Cheol

**Sraith cheoil nua ina gcuirtear beirt cheoltóirí a sheinneann seánraí éagsúla i bpáirt le chéile chun leagan nua de na hamhráin is iomráití atá acu a chumadh. Meascfar sean-nós agus hip-hop, ceol traidisiúnta agus popcheol.**

Casadh sa Cheol is a bold new Irish-language music series that pairs artists from dramatically different genres and challenges them to reimagine each other's most iconic tracks. From sean-nós to hip hop, electropop to traditional, each duo must reinvent a beloved song in their own style.

# Scoil Cheoil an Earraigh

**An dara sraith ó Scoil Cheoil an Earraigh a bhí ar bun i mBaile an Fheirtéaraigh i gCorca Dhuibhne in 2025. Cuireann an ceoltóir agus láithreoir Pádraig Ó Sé sárcheoltóirí agus amhránaithe an cheantair i láthair chomh maith le plúr na gceoltóirí agus amhránaithe ó cheann ceann na tíre.**

Music series from Scoil Cheoil an Earraigh 2025. Pádraig Ó Sé meets Jack Talty, Becky Ní Éallaithe, The Weaving, Charlie Harris, Kathleen MacInnes, Caoimhín Ó Raghallaigh, Mary Bergin, Ben Ó Loingsigh and many more.



# Scoil Samhraidh Joe Mooney

**Sraith nua ó Scoil Samhraidh Joe Mooney i nDroim Seanbhó Co. Liatroma. Is i mí Iúil 2025 a rinneadh taifeadadh ar an tsraith seo. Beidh ceol agus amhráin den scoth le fáil sa tsraith chomh maith le comhráite spéisiúla.**

Scoil Samhraidh Joe Mooney is a new four-part series filmed on location in Drumshanbo, Co. Leitrim, during July 2025. This vibrant traditional music series blends world-class performances with engaging conversations, set against the stunning lakelands of lovely Leitrim.








# Cara sa Cheol

**Sraith faisnéise spreagúil a dhéanann ceiliúradh ar an gcomhoibriú idir ceoltóirí le Gaeilge, ceoltóirí nua-Éireannacha agus ceoltóirí imirceacha.**

Cara sa Cheol is a compelling documentary series that celebrates the vibrant collaboration between Irish-language, New Irish, and immigrant musicians.

# Cláracha Faisnéise Spóirt

## Sports Documentaries





# George Best i gCorcaigh

**Clár faisnéise faoin tréimhse a chaith George Best ag imirt do Cork Celtic, ag comóradh 50 bliain ó d'imir sé i Sraith na hÉireann. Tá agallaimh eisiacha agus píosaí scannánaíochta ón gcartlann de Best ag imirt le Cork Celtic le feiceáil sa gclár.**

This documentary tells the extraordinary story of George Best and his time with Cork Celtic on the 50th anniversary of his time in League of Ireland, featuring exclusive interviews and rare archive footage of Best in action in Cork.



# Iománaíocht Hollywood

**Is mionsraith dhá chlár, uair an chloig an ceann é seo ina mbreathnaítear ar an gcaoi ar léiríodh muintir na hÉireann agus cluichí Gaelacha na tíre sa scannánaíocht ó thús an chéid seo caite.**

This two-part mini-series, featuring two one-hour programs, will provide a fascinating and unique insight into how Ireland, Irish people and indigenous Irish Gaelic games have been depicted in the cinema since the beginning of the last century, including in Hollywood productions.

# Ráth Chairn Peile na Mí

**Tá Comórtas Peile na Gaeltachta ar cheann de na hócáidí is mó sa mbliain do phobal na Gaeilge agus do lucht peile. Tugann foirne as an nGaeltacht aghaidh ar a chéile sa gcomórtas seo a thosaigh in 1969. Is é Cumann Peile Chlann na nGael i nGaeltacht na Mí a chuir an comórtas ar bun i mbliana.**

In this documentary we follow the festival organisers, players, managers and supporters of the competing teams during Comórtas Peile na Gaeltachta 2025.



# Réalt na Mara FC

**Clár faisnéise faoi Star of the Sea FC, foireann sacair do bhuachaillí óga a bhí ag barr a réime sna 1960idí. B'eiseamláir a bhí san fhoireann seo a léirigh go raibh Protastúnaigh agus Caitilicigh in ann maireachtáil taobh le taobh go síochánta. Ach bhí bagairt na dTrioblóidí le brath faoi 1970.**

In this documentary we tell the remarkable story of Star of the Sea FC, a youth football team that dominated for a period in the late 1960s and whose community represented the ideal - Protestant and Catholic living side by side in relative peace and harmony. But by 1970, the dark spectre of the Troubles loomed large.



# Spórt



Sport




# GAA Beo

**An t-aicsean CLG is fearr ar feadh na bliana, beo ar TG4. Á chur i láthair ag Micheál Ó Domhnaill agus Máire Ní Bhraonáin, le tráchtaireacht ó Bhrian Tyers agus lucht anailíse eile.**

The best GAA action all year round, live on TG4. Presented by Micheál Ó Domhnaill and Máire Ní Bhraonáin with commentary from Brian Tyers and a host of top analysts.

# Rugbaí Beo

**Beidh clár suaitheanta rugbaí TG4 ar ais i mí Mheán Fómhair leis na cluichí is fearr ón gCraobhchomórtas Rugbaí Aontaithe. Beidh breis is 40 cluiche le craoladh beo ar TG4 agus is cinnte go mbeidh cluichí den scoth le feiceáil an séasúr seo.**

TG4's flagship rugby programme returns to our screens in September with all the best action from the United Rugby Championship. With over 40 live games this season promises to be full of drama, excitement and entertainment.





# Sacar na mBan Beo

**Tá Sacar na mBan Beo ar ais ar TG4 do shéasúr eile cluichí i bPríomhroinn Sacair na mBan.**

Sacar na mBan Beo is back with another season of games from the Women's Premier Soccer Division.

# Nuacht & Cúrsaí Reatha

## News & Current Affairs



# Nuacht TG4

**Mórimeachtaí an lae ó Aonad Nuachta TG4.**

The day's main news stories from a regional, national and international perspective.





# Iniúchadh TG4

**Sraith cúrsaí reatha ina bhfiosraíonn Kevin Magee scéalta a bhaineann le polaitíocht, an tsochaí agus an eacnamaíocht.**

In this award-winning current affairs series Kevin Magee examines political, societal and economic issues.



# 7 Lá

**Clár cúrsaí reatha seachtainiúil TG4. Déanfar scagadh agus plé ar scéalta nuachta atá go mór i mbéal an phobail.**

Politics and the economy, regional, national and international affairs. Live debate on the major issues of the day with a panel of analysts, experts and political pundits.

# Fíorscéal

**Sraith faisnéise ina bpléitear scéalta ó ar fud na cruinne, cúrsaí aeráide, éabhlóid an duine agus scéalta iontacha eile ina measc.**

Fíorscéal - a documentary series covering stories from around the globe, with topics ranging from climate change to human evolution and everything in-between.

